# DÉ hAOINE

AN PUBALL GAEILGE

**15.00** **TINTEÁN**
Is grúpa cairde iad Tinteán atá ag seinnt le chéile ar feadh na blianta, as Ceathar lach agus Áth Cliath. Tá an-phaisean acu don cheoil, an ceol traidisiúnta ach go háirithe. Glacann siad páirt I seisiúin timpeall na tíre go minic.

**16.00** **CÓR CHEATHRÉAD MARLBOROUGH**
Bunaíodh Ceathairéid Shráid Marlborough le linn paindéim 2020 agus bhí sprioc amháin acu : Sé sin ceol na nglórtha i stíleanna éagsúla a léiriú do lucht féachanna úra. Bígí linn is sinn ag canadh amhráin na hÉireann, ón snagcheol, ceol bearbóra, agus cúpla iontaisín eile le lein an gcorim ceol.

**17.00** **SÍOB**
Chuaigh Sean ogus Brian go dtí an scoil céanna i Uíbh Fhailí. Casann an mbeirt acu an bainseo, giotár agus drumaí. Bhuail siad le Niamh fad is a bhí siad ag obair i gColaiste Lurgan. Seinneann Niamh an veidhlín, is as contae na Mí í.

**18.00** **FEART**
Is buíon buachaillí nua-bhunaithe iad 'Feart' le ceathrar ceoltoirí óga atá ag seinm ceoil traidisiúnta le chéile le roinnt mhaith blianta, Is as Bleá Cliath do thriúir acu; Caoilte Mac Muiris ar an bhFeadóg Mhór; Dónal Mac Duinsléibhe ar an mBosca Ceoil agus Ciarán de Brún ar na Píobaí Uilleann agus is as Cill Mhantáin do fhear an Bhainseo, Oisín Drury.

**19.00** **NA TONNA**
Rac-bhanna de cúigear leads a d'fhreastal ar Choláiste Eoin, Bhleá Cliath, iad Tonnta. b'iad Oasis, Fontaine's DC, agus The Beatles a dtéann i bhfeidhm orthu agus le meascán idir amhráin cháiliúla agus amhráin féin-cumtha agus iad á seinnt le fuinneamh is anam ní chuirfear cosc lena réim.

**20.00** **ÓCADÚN**
Buíon ceoil Gaelaigh iontach cumasach iad Ócadún arb as an Chabhán, Bleá Cliath agus Doire dóibh. Siad Muintir Mhic Con Gamhna an tromlach acu. Seineann siad ar fud na cruinne le buíon ceoil Chomhaltais agus tá go leor comórtaisí buaite acu. Beidh idir fliúit, feadóg, pianó, vióla, cansairtín agus olldord ag an gclann le Justin Warnock ar an ngiotár.

**21.00** **BURNCHURCH**
Grúpa óg ó Cill Chainnigh is ea Burnchurch. Bhuaigh siad comórtas Gaeltacht Tí ar 2FM trí bhliain ó shin, scríobh siad amhrán oifigiúil Loreto "She" agus le déanaí scríobh siad an téama le haghaidh troid Katie Taylor sa 3Arena. Bhí siad páirteach sa cheol i "Star Wars" le Disney an samhradh seo.

**22.00** **BROTHER**
Banna Ceoil de cheathrar cairde, as Baile Átha Cliath is ea BROTHER. Tá tionchar mór tagtha ó raon seánraí ó Indie Pop agus Roc Clasaiceach go Roc ar an mbanna. Tá fuaim láidir, éagsúil ag BROTHER a líonann seomraí agus ionaid ceoil. Tá comparáid déanta idir Ben Howard, Bon Iver agus Kings of Leon mar ghealL ar an meascán de sheit traidisiúnta Rock, buillí drumaí nua-aimseartha agus séiseanna pop.

**23.00** **THE BONNYMEN + CAIRDE**
Tá na Bonnymen ar cheann des na buíonta ceoil Gaelaigh is spreagúla a dtáinig chun cinn le linn déaga na mílaoise úire. Seall aoibhneas aon deis a bhfaightear dul i mbun éisteachta leo. Tabharfaidh siad roinnt dá cairde leo ar anardán ag an bPuball Gaeilge chun tine gealgáireach a lasadh i measc slua an Phubaill.

**00.00** **USHMUSH**
Is saothraí agus amhránaí é Ushmush a mheascann inspioráidí club Laidineacha agus Afro-Caribeach le hamhráin ina gcuid teanga féin, Gaeilge agus Béarla. Tugann sé "Reggaeltón" ar a stíl hibríde seo.

**01.00** **CEIRNEOIRÍ RAIDIÓ NA LIFE**
Rogha cheoil chun sibh ag cuir ag rince ó oíche go maidin.

# DÉ SATHAIRN

AN PUBALL GAEILGE

**11.00** **HIGHROCK -** SEACHTOPUS!
Seó samhlaíoch, mealltach agus idirghníomhach is ea Seachtopus do pháistí idir 4 agus a 9 mblian d'aois. léiritear é le Gaeilge iontach simplí agus dá bharr tá sé in oiriúint do pháistí le leibhéal ar bith Gaeilge.

**12.00** **IMBOLC -** MACDARA Ó CUAIG
Eolaí iascaireachta le taithí fhairsing aige ní hamháin ar an iascaireacht ach ar bhailiú agus ar anailís na sonraí a choimeádfaidh inmharthana í.

**12.30** **IMBOLC -** AOIFE NÍ BHROIN
Oibríonn Aoife ag Réadlann Dhairbhre, áit ina ndéantar tomhais mheitéareolaíochta aimsire dhromchla agus aeir íochtaraigh, chomh maith le raon gníomhaíochtaí eolaíochta eile.

**13.00** **IMBOLC -** NIAMH NÍ CHONCHÚIR
Ball de Santuary Runners, grúpa a bhailíonn le chéile iarrthóirí tearmainn,t. teifigh, imircigh agus cónaitheoirí na hÉireann go léir trí chúrsaí spóir

**13.40** **RÓISIN NÍ CHÉILEACHAIR**
Duibhneach í Róisín, atá ag canadh ón gcliabhán. Sliocht í de mhuintir an Bhlascaoid Mhóir chomh maith le muintir Chéileachair Bán ó Chúil Aodha. Nuair nach bhfuil sí ag canadh tá sí le clos ag léamh na nuachta ar Raidió na Gaeltachta. Hup!

**14.00** **RÍOGHNA**
'Amhránaí as Gaillimh í Ríoghna, a chanann faoi saol óige an lae inniu. Tá taithí go leor ag Ríoghna a bheith ar an ardán, agus níl dabht ar bith ach go mbainfidh gach duine an-sult as a cuid ceoil sa Phuball Gaeilge. Beidh a deirfiúr ag cannadh ina teannta don léiriú seo.

**14.20** **BIG SLEEP**
Is as de Bhleá Cliath agus an Flórans na hlodáile iad Rónán Connolly agus Matteo Poli, is bhunaigh siadan banna Big Sleep atá ag teacht chun aitheantais go gasta. Cloisfear an chéad leagan Ghaeilge dá raonóg úr ag an bPuball Gaeilge.

**15.00** **NA SEANSALAITHE**
Hugh Mac Giolla Chearra, Áine Mhaoir & James Ó Flatharta ag plé achan rud faoin spéir!

**15.40** **BEADAÍ BEO LE BLOC TG4**
Bí i láthair le BLOC agus iad ag déanamh leagan beo den sraith Beadaí, a bhí ar YouTube. An dtiocfaidh grá as an choinne seo, nó an mbeidís fágtha sa phuball leo féin ag deireadh na hoíche.

**16.20** **AN GAEILGE AGUS NA MEÁIN**
Ón gCailín Ciúin go tost Tubridy beidh an painéal ag cíoradh na scéalta is mó i mbéal an phobail.

**17.00** **GAELGHÁIRÍ:** AIDEEN MCQUEEN, HUGH MAC GIOLLA CHEARRA, EOIN P. Ó MURCHÚ, LOUISA NÍ ÉIDEÁIN.
Bean idirnáisiúnta an ghrinn í Aideen a bhíonn ag gigeáil mórthimpeall na hEorpa go rialta chomh maith le mórchlubanna na hÉireann agus na Breataine chomh maith. Tá sí le feiceáil ar RTÉ agus Virgin Media, chomh maith le The International Comedy Club, The Laughter Lounge, Iveagh Garden's Comedy Festival, Electric Picnic agus The Kilkenny Cat Laughs. Is fuirseoir, iriseoir agus aisteoir é Hugh. Chaith sé bliain ag obair ina Chomhordaitheoir ar na Meáin Shóisialta le BLOC, áit a chruthaigh mé Bia Duit agus Hughlán. Faoi láthair tá post aige ag scríobh do JOE.ie agus tá sé ar dhuine de chruthaitheoirí an phodchraolta Na Seansálaithe in éindí le hÁine Mhaoir agus James Ó Flatharta. Tá Eoin P. Ó Murchú ag déanamh iarracht a bheith greannmhar sa Ghaeilge le cúpla bliain anuas. Feicfidh sibh é ar an ardán leis na GaelGáirí, ar Tiktok, agus tá sé le clos ar an tsraith nua ghrinn 'Carthanacht Chlíodhna' ar RnaG faoi láthair. Fuirseoir a chumann amhráin iontach greannmhar faoi shaol an tuismitheora nó faoi cé chomh Francach is atá na Francaigh. Fuair Louisa go leor taithí i Nua-Eabhrac, bpríomhchathair an tubchumadh, áit a raibh sí ar ardán san UCB (Upright Citizens' Brigade). Díoladh amach a seó aonair dátheangach Dopa-Mean Girl' ag an bhféile Scene&Heard '23 agus beidh an seó le feiceáil arís mar chuid de Fringe BÁC 2023.

# DÉ SATHAIRN

AN PUBALL GAEILGE

18.00 **BANNA RÁTH CHAIRN**
Tá clú agus cáil ar cheoltóirí Ráth Chairn le blianta fada anuas. Bíonn tóir ar na hamhráin, ceol bríomhar agus rithimí rince fud fad na Gaeltachtaí agus is amhlaidh an scéal i Ráth Chairn glas gréine na mí. Tabharfaidh Catherine Ní Shúilleabháin agus Tony Fox (Júcbox) ag tabhairt cairde ceoil leo ar an ardán chun blaiseadh den cheol is fearr as Ráth Chairn a bhronnadh ar an slua.

19.00 **EMMA NÍ FHÍORUISCE**
Sár-amhránaí agus giotáraí óg í Emma Ní Fhíoruisce a tháinig i réim leis an ghrúpa An Crann Óg i nGaoth Dobhair. Bíonn sí anois ag seinnt go haonarach ar stáitsí agus féilte ar fud na cruinne ina measc Fleadh Cheoil na hÉireann, Templebar Trad Fest, Celtic Connections, Féile Naomh Pádraig Madrid agus anseo ag Féile na Gealaí.

20.00 **HUARTAN**
Grúpa úrnua as Béal Feirste iad Huartan a mheascann ceol leictreonach le sean-amhráin Ultacha. Seineann an triúr acu seo sa Hawthorn Bar ar Bhóthar na bhFá go minicl. Ceoltoirí traidisúnta iad le suim ar léith acu i mbeocht a thabhairt dos na hamhráin speisialta seo.

21.00 **SUPERCÉILÍ**
Banna faoi leith iad SuperCéilí a dtaithníonn leo poirt traidisiúnta a mheascadh le na hamhráin leictreonach agus pop is fearr leo. Ceoltóirí ildánacha le taithí atá sásta dul sa seans le teicneolaíocht. D'fhéadfá a rá gur gluaiseacht níos mó ná banna iad SuperCéilí atá mar aidhm acu fiántas na Gaeil a cheiliúradh trén iad a chuir ag damhsa leis an gcuid is fearr dá n-oidhreacht ceoil féin.

22.00 **SHANVANS**
Tá cúigear sa bhanna ceoil úrnua seo as Béal Feirste; siúd iad Jake Óg Mac Siacais, Aidan Mackin, Colm Gillen, Adam Gamble agus Breandán McGlone. Ghlac siad an t-ainm ó Irisleabharmór éileamh na 19ú aoise The Shan Van Vocht.Déanadh sruthú 10,000 huair ar an raonóg úr leo dar teideal 'Inside'. Tá siad ag tnúth go mór le seinnt ag an bPuball Gaeilge @EP don chéad uair riamh!

23.00 **SEO LINN**
Tá Seo Linn bunaithe le deich mbliana agus tá albam úr acu dár teideal 'Anuas' atá lán le leaganacha bríomhara d'amhráin traidisiúntá. Cé go mbíodh seachtar ann ón tús siad an ceathrar buan ná Stiofán Ó Fearaíl, Daithí Ó Ruaidh, Keith Ó Briain agus Kevin shorthall. Bhuail cliú agus cáil iad ar dtús nuair a sheinn siad ar fiseán de chuid TG Lurgain ag cannadh leagan Gaeilge de 'Wake me Up' le Avici a mheall 32 milliún duine go dtí seo chun amharc air.

00.00 **RUAIRÍ MAC SUIBHNE**
Léiritheoir ceoil agus ceirneoir ceoil rince digiteach as Bleá Cliath é Ruairí Mac Suibhne ar trian den gcomharceoil BittenTwice é. Dar le 'Plain Sailing Belfast' is ceann des na léiritheoirí is spreagúla a tháinig as Éirinn é le cúpla bliain anuas; Mar cheirneoir sheinn sé roimh leithéidí Blawan, Giant Swan, Teki Latex, Machine Girl, Hodge, Jax Jones and Sempra.

01.00 **CHERRYTREE F.C.**
Ross McMullin agus Rory Colgan ó BhÁC 12. Ag casadh rogha leathan cheoil damhsa. Technó.

# Dé Domhnaigh

AN PUBALL GAEILGE

**11.00** **Ceardlann puipeadóireachta le Cillian O Donnachadha & Fíbín**
Is ealaíontóir agus puipeadóir amharclannaíochta agus telefís é Cillian. Ina h-obair féin, nascann sé amharclanníocht le puipeadóireacht mar puipeadòir, stiúrthóir agus scríbhneoir. Oibríonn Cillian ar telifís le RTE and TG4.

**12.00** **Imbolc -** Cathal Seoighe
Ollamh in Ollscoil na Gaillimhe a dhíríonn isteach ar an nasc idir an mhatamaitic agus an bhitheolaíocht, agus conas feabhas a chur ar an saol leis.

**12.30** **Imbolc -** Sadhbh Leahy
Céimí le réaltfhisic ag obair i Réadlann Dhún Sinche le hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

**13.00** **Imbolc -** Thaddeus Ó Buachalla
Úrscéalaí, file, is cumadóir ó chathair Chorcaí. Bhain úrscéal dá chuid, 'El', duais liteartha amach ag Oireachtas na Gaeilge.

**13.40** **Tuan Ó Baoil**
Amhránaí as Baile Locha Riach isea Tuan Ó Baoil agus tá go leor amhráin úra cumtha aige dó seo, an dara huair dó a bheth ag seinnt sa bPuball Gaeilge. Tuan Ó Baoil is a singer from Baile Locha Riach and he has composed many new songs for this, the second time he has performed in the Irish Pub.

**14.00** **Aoife Hammond**
Is amhránaí agus ioluirliseoir í Aoife atá lonnaithe i gContae Liatroma. Le breis is deich mbliana anuas, tá Aoife ag seinnt i mbannaí punc. Tá bunscóir leictreonacha agus fhuaimiúla cumtha ag Aoife ag baint úsáide as sintéiseoirí, bouzouki, giotáir, mandolin agus glórtha.

**14.20** **Bunker Hill**
Beirt ceoltóirí ó Cóbh I gContae Chorcaí le Muireann Ní Loingsigh ar an veidhlín agus Jenny Bell ar an ngiotár. Cloistear tionchar an cheol traidisiúnta agus an cheol tíre ina nglór leis an fidil agus an harmóin a gcruthaíonn fuaim suaimhneach i leagain éagsúla de hamhráin cáiliúla.

**14.40** **Bláthnaid Daly**
Is aisteoir agus amhránaí ón Íar-mhí í Bláthnaid. Is aoibhinn léi obair aisteoireachta a dhéanamh trí mhéain na Gaeilge, agus tá sí ag tnúth go mór lena a hamhráin a chasadh ag an bPuball Gaeilge.

**15.00** **Chronically Online**
Mórthéama eipeasóid an Phicnic Leictreach: Sa phainéal cainte seo labhraíonn Áine Mhaoir, Póilín Nic Géidigh agus Róisín Ní Mhaoláin faoi na meáin shóisialta. Cén tionchar atá ag na meáin shóisialta ar dhuine agus iad ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach?

**15.40** **Raidió Fáilte -** An Podchraoladh Ciotach Riachtanach
An mbeidh spás in Éirinn aontaithe do na Sé Chondae bheaga shealbhaithe bhochta?

**16.20** **Fréamhacha Func le Airneán**
Suí isteach le Cuán de Búrca agus James Shannon agus iad ag tochailt tríd na hamhrán func ba mhó a d'fhág rian ar cheol na linne seo. Déanfar go leor plé agus agus seinnfear roinnt des naraonta ab fhearr.

**17.00** **Stonemasons**
Bíonn an sár-thríréad ceol dúchasach Galeach le clos go min-minic mórthimpeall ar Chonamara. Tar uait le bheith i gcuideachta Becky Ní Éallaithe, Órla Leavy, Peadar Tom Mercier agus Frankie Mac Aodha nuair a sheinnfidh siad dreas ceoil splódarach chun deireadh a chu leis an oíche.

**18.00** **Calum Agnew**
Tá cumas Calum Agnew ag cannadh Anamcheoil, R&B agus Pop mar aon lena bhanna iontach cumasach as BIMM ag fágaint a lorg ar Bhaile Átha Cliath.Díoladh chuile thicéad dá cheolchoirm sa Beehive i Londain níos luaithe i mbliana. Bionn sé le clos go minic i mBleá Cliath sa Workman's agus sa Grand Social.

AN PUBALL GAEILGE

# DÉ DOMHNAIGH

**19.00** **An Dara Chomaoineach**
Mar fhreagra ar an sceon a cuireadh ar Dhia ag ceolchoirm na Clancy Brothers i 2012 chruthaigh said a gComaoineach féin i portach i nDún Laoghaire. Ach chur seo an chéad comaoineach i mbaol, mar sin taistealaíonn siad timpeall na tíre, ag scaipeadh briathra an Dara Chomaoinigh i bhfoirm ceoil. Bígí réidh!

**20.00** **Tom Gaffney**
Iolúrirliseoir ísea Tom a chruthaíonn ceoil ina bhothán garraí

**21.00** **Krea & Eve Belle**
Is as Bré do Krea. Bhain sí cáil amach le dhá shár-cheirnín a shroich barr na cairteacha agus í mar bhaill den grúpa aitheanta Wyvern Lingo. Thaifead sí amhrán le Hozier ar a chéad albam 'In a Week' agus le Denise Chaila chomh maith. Is amhránaí agus cumadóir ceol ailtéirneach í Eve atá ag cur fúithi i mBéal Feirste. Tá a EP nua 'Sharp Relief' á eisiú go luath. Deis speisialta a bheidh ann do phobal An Pubail Gaeilge Krea & Eve Belle a chloisteáil le céile mar cheann do buaicphointí an Fhéile.

**22.00** **Blue Orchard**
Tá fréamhacha doimhne sa gceol Gaelach ag an mbuíon seo arb as Tír Eoghain, Muineachán agus Ard Mhacha iad. Cruthaíodh an grúpa seo as grá dá chéile don Ghaeilge, don chultúr agus don cheol. Ta na tionchair seo tugtha chun bealaigh ag an ngrúpa seo ina sen agus nua amhráin.







